

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

Leabhrán Acmhainní

*Loga Foghlama
Ceannairí Scoile*



www.jct.ie

Clár Ábhar

Seisiún 1

Plé Padlet/Poistín

Gníomhaíocht a Haon

Gníomhaíocht Físe

Gníomhaíocht a Dó

Ceisteanna Amchláir

Gníomhaíocht a Trí

Kahoot.it

Gníomhaíocht a Ceathair

Seisiún 2

Folláine: Bláthú

Gníomhaíocht a Cúig

Plé ar thréimhsí 40 nóiméad

Gníomhaíocht a Sé

Gníomhaíocht an Mhata Bhoird

Gníomhaíocht a Seacht

Cás-staidéar: Iar-Bhunscoil an Bhaile Aird

Gníomhaíocht a Hocht

Seisiún 3

Pleanáil Churaclaim – an Uirlis Pleanála

Gníomhaíocht a Naoi


Eolas breise le haghaidh pleanáil churaclaim scoile

Gníomhaíocht 1: Padlet/Poistín

Gníomhaíocht 2:

Léigh misean-ráiteas na Sraithe Sóisearaí
Aibhsigh na focail a dtabharfá tosaíocht dóibh san fhís seo don tsraith
shóisearach.

Pléigh



The graphic features a white background with a blue and purple gradient at the bottom. On the left, there is a blue triangle with the text 'Activity 2' below it. In the center, the word 'Vision' is written in bold black text. To the right, there is a 3D red figure standing on a grey rock, pointing towards the right. The text 'An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí' is written above the 'Junior CYCLE for teachers' logo, where 'CYCLE' is in large, colorful letters.

Vision

“Junior cycle places students at the centre of the educational experience enabling them to actively participate in their communities and in society and to be resourceful and confident learners in all aspects and stages of their lives.”

Framework for Junior Cycle

Fís

“Suíonn an tSraith Shóisearach scoláirí i lár an eispéiris oideachasúil a chur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail féin agus sa tsochaí agus a bheith seiftiúil agus ina bhfoghlaimoírí muiníneacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol.”

Gníomhaíocht 3: Cé na bealaí ina mbaileofá tuairimí na bpáirtithe difriúla leasmhara i gcruthú curaclam nua?

Gníomhaíocht 4:

Kahoot quiz

Logáil isteach ar: www.kahoot.it

.....

Gníomhaíocht 5:

Folláine: Bláthú

Cén áit a bhfeiceann tú na scoláirí ag bláthú i do scoilse?

.....

Gníomhaíocht 6:

Plé ar na himpleachtaí a bhaineann leis an amchlár a athrú ina thréimhsí 40 nóiméad.

.....

Gníomhaíocht 7:

Gníomhaíocht an Mhata Bhoird chun plé a dhéanamh ar ranganna 60 nóiméad

.....

Gníomhaíocht 8:

Cás-staidéar: Iar-Bhunscoil an Bhaile Aird

Is scoil chailíní í IB an Bhaile Aird ina bhfuil 510 scoláire faoi iontaobhas CEIST. Tá saincheisteanna aimsithe ag an bhFoireann Shinsearach Bhainistíochta agus ag an bhfoireann Phleanáil Churaclaim a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu. Aithnítear trí shraciniúchadh ró-acmhainn reatha de Mhúinteoirí Gnó agus níl ach múinteoir amháin sa scoil chun ábhair theicneolaíochta a theagasc.

Próifíl an Bhaile Aird – An tSraith Shóisearach

- Tá an scoil ag dul trí thréimhse fáis agus tá rollú méadaithe aici le roinnt blianta anuas.
- Tá córas oidí sa scoil trína ngaireann an t-oidé an rolla agus a labhraíonn siad leis an rang ar feadh 5 nóiméad gach maidin.
- Faoi láthair tá 45 tréimhse sa scoil sa tseachtain agus suíonn scoláirí 11 ábhar scrúdaithe le haghaidh teistiúcháin sa Teastas Sóisearach.
- Tá 92 scoláire sa chéad bhliain.
- Is ábhar roghnach í an Eolaíocht agus bíonn 95% ag dul di.
- Is croí-ábhar do na scoláirí uile é an Staidéar Gnó.
- Leanann lucht na chéad bhliana clár réamhbhlaiseadh ábhar sa chéad bhliain ar feadh 12 seachtain.
- Tá éileamh mór ar an teicneolaíocht, ach tá na hacmhainní teoranta.
- Áirítear ar na coistí foirne: foireann phleanáil churaclaim, fócasghrúpa straitéis litearthachta agus uimhearthachta, meitheal forbartha T.F., grúpa foghlama agus teagaisc, foireann Straitéise SNTI (An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta)
- Tá an fhoireann an-dílís do dhisciplíní ábhar a d'fhreastail go maith ar an scoil go dtí seo. Tá an-rath ar an IB.
- Tá traidisiún láidir CO agus spóirt sa scoil.
- Ar an meán tá dalta amháin i ngach rang a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a mbeidh Clár Leibhéal 2 ag teastáil uathu.
- Bíonn ceoldráma ann gach bliain.

Soláthar Reatha Curaclaim na Scoile

Ábhair le haghaidh teistiúcháin 2016	Scrúduithe le haghaidh teistiúcháin	Tréimhsí/seachtain
Béarla	1	4
Gaeilge	2	4
Matamaitic	3	4
Teanga (Gearmáinis/Fraincis)	4	4
Stair	5	3
Tíreolaíocht	6	3
Staidéar Gnó	7	4
Rogha 1 Eolaíocht, Ealaín, EB, Ceol	8	4
Rogha 2 Eolaíocht, Ealaín, EB, Ceol	9	4
Rogha 3 Eolaíocht, EB, Teicneolaíocht	10	4
O.S.S.P.	11	1
C.O		2
O.S.P.S.		1
T.R.		3
Iomlán	11	45

Ceistanna le cur san áireamh in athbhreithniú an churaclaim

1. Cad iad na príomhathruithe is ga a dhéanamh chun cloí leis an Imlitir 0024/2016?
2. Léirigh an t-iniúchadh tosaigh go riabh éileamh ann don teicneolaíocht agus gur gá RF 20 agus 21 a láidriú, cé na réitigh a thiocfadh a bheith ann le freastal ar an riachtanas sin?
3. Conas a théann an clár réamhbhlaiste i bhfeidhm ar an RF?
4. Conas a chloífidh an scoil leis na treoirlinnte íosta don Fholláine in 2017? 2020?

Gníomhaíocht 9:

Uirlis Phleanáil Churaclaim

Treoracha ar an gcaoi chun an Uirlis Phleanáil Churaclaim a úsáid:
Moltar na nótaí seo a úsáid agus tú ag úsáid na huirlise pleanála ar do ghléas.

An tSraith Shreabharach do Mhúinteoirí

Length of	Subject	No. of Periods	No. of Periods	No. of Periods	Time
1	English	5	5	5	334
	Irish	4	4	4	267
	Maths	5	5	5	334
NCCA-Core Subjects					
	Science	3	3	3	200
	History	3	3	3	200
	Geography	3	3	3	200
	Religious Education	3	3	3	200
	French	3	3	3	200
	Option 1	4	4	4	267
	Option 2	4	4	4	267
	PE	2	2	2	134
	SPHE	1	1	1	67
	CSPE	1	1	1	67
	Guidance	1	1	1	67
Wellbeing					
	Other Area's of Learning				0
	Total	42	42	42	2806
Total Hours Year 1		935.2	Core Subject 240 Hrs		
Total Hours Year 2		935.2	Optional Subject 200 Hrs		
Total Hours Year 3		935.2	Short Course 100 Hrs		
Total Number of JC Programme Hours		2805.6			
Option 1	Business Studies	Art	Technical Graphics	Materials Technology Wood	Technology
Option 2	Business Studies	Materials Technology Wood	Technology	Materials Technology Wood	Music
				Technology	Business Studies
				Digital Media/Prog & Coding	Digital Media/Prog & Coding

Wellbeing 334
Surplus/Deficit of TT Hrs 0

- Cuir fad an ranga (40 nó 60 nóiméad) sa bhosca fad na tréimhse ranga.
- Sa cholún ar clé, déantar ábhair a rangú mar:
 - Ábhair roghnacha CNCM
 - Croí-ábhair/ábhair roghnacha
 - Ábhair Folláine
- Díríonn sé sin ar an áit ina gcuireann tú na croí-ábhair.
- Aibhsíonn an cúrsóir seo an áit a gcuirtear isteach na hábhair roghnacha. Tá saighead anuas ann chun roghanna a thabhairt.
- Léiríonn na saighde uimhir 5 an áit a gcuirtear an líon tréimhsí a thugtar do gach ábhar gach bliain.
- Ag deireadh gach colúin, ríomhtar na huaireanta iomlána thar thrí bliana. Cabhraíonn sé sin chun úsáid a shoiléiriú.
- Léiríonn saighead uimh. 7 an líon iomlán tréimhsí a úsáidtear sa tseachtain.
- Tá an tsaighead seo ag taispeáint an líon iomlán uaireanta a chnusaítear thar na trí bliana. Tá dhá bhosca ann a thugann an uimhir sin.
- Déantar na huaireanta Folláine a shuimiú le chéile sa bhosca bándearg Folláine box ar thaobh na láimhe deise.
- Aibhsíonn an bosca glas aon uaireanta barrachais nó easnaimh sna ríomhanna.
- Tugtar sonraí sa bhosca corcra ag deireadh an leathanaigh ar na hábhair roghnacha a bhíonn ar fáil do na scoláirí.

Gníomhaíocht 9: Cásanna áirithe amchláir.

1. Ag úsáid sonraí do scoile, déan iad a ionchur san Uirlis Phleanáil Churaclaim.
2. Má roghnaigh tú clár ina mbeidh teistiúchán ar 9 nó 10 n-ábhar, iarrtar ort anois an rogha a fhiosrú go mbeidh ábhar amháin níos lú le teistiú agat feasta.
3. Má roghnaigh tú 8 n-ábhar le haghaidh teistiúcháin, déan iniúchadh ar an gcuma a bheadh ar rudaí dá mbeadh teistiú le déanamh ar 9 n-ábhar.
4. Seiceáil le haghaidh 300 uair don Fholláine (289+ uair). Cén chuma a bheadh ar 400 uair de chúrsaí Folláine?

Eolas breise le haghaidh pleanáil churaclaim scoile.

Ráitis Foghlama - Míniúchán ar Eispéiris Foghlama

1. Déanann an scoláire cumarsáid éifeachtach le roinnt meán agus i réimse comhthéacsanna sa T1¹⁷

Tuigim an teanga a úsáidtear *i mo scoilse* agus is féidir liom cur síos a dhéanamh do dhaoine ar mo chuid smaointe ó bhéal agus i scríbhneoireacht. Is féidir liom a bheith páirteach i bplé faoi cheisteanna laethúla agus faoi thopaicí a dhéantar sa rang. Agus mé ag obair le daoine eile ar ghníomhaíochtaí ranga, is féidir liom mo chuid smaointe agus mothúchán a roinnt le cois a bheith ag trácht ar smaointe agus ar thuairimí daoine eile. Léim téacsanna éagsúla don phléisiúr agus don staidéar chun eolas a fháil agus chun mo chuid smaointe agus scileanna teanga a leathnú.

17 Is í T1 an teanga ina bhfeidhmíonn an scoil (an Ghaeilge i scoileanna Gaeilge). Is í T2 dara teanga na scoile (an Béarla i scoileanna Gaeilge).

2. Déanann an scoláire éisteacht, labhairt agus léitheoireacht ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin sa T2 agus i dteanga amháin eile

Is féidir liom mo chur féin in iúl trí labhairt agus scríobh i dteangacha seachas mo chéad teanga; tuigim dearthaí agus eispéiris daoine eile nuair a labhraíonn siad na teangacha sin. Léim cineálacha éagsúla téacsanna sna teangacha sin chun faisnéis agus eolas a fháil. Tá spéis agam i modhanna maireachtála agus i gcultúir na n-áiteanna ina n-úsáidtear na teangacha agus is breá liom iad a chur i gcomparáid le saol agus le cultúr na hÉireann. Tá a fhios agam agus mé ag foghlaim teanga amháin gur mór an cuidiú iad na scileanna a úsáidim chun ceann eile a fhoghlaim freisin.

3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú

Is breá liom a bheith ag léamh agus ag dul i ngleic le cineálacha éagsúla téacsanna. Tuigim agus is féidir liom barúil a nochtadh faoin ábhar. Nuair a chruthaím téacs, bíonn aird agam ar a chuspóir agus ar riachtanais agus ábhair spéise na ndaoine a bheidh á léamh. I dtéacsanna scríofa, tuigim tábhacht na gramadaí, roghnaím na focail chuí chun éifeacht a chruthú agus úsáidim litriú agus poncaíocht bheacht. Ní téacs scríofa é gach téacs, mar sin de is féidir liom obair a dhéanamh le hábhar amhairc agus fuaimne freisin. Nuair a chruthaím téacs, bí in ann é a roinnt san fhoirm is oiriúnaí agus bíonn a fhios agam nuair a bhíonn cead ag teastáil chun é sin a dhéanamh.

4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíne agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist

Is féidir liom píosa ealaíne a chruthú, liom féin nó i gcomhar le daoine eile. Is féidir gur réad, píosa scríofa nó léiriú é, cruthaithe agam féin nó ag grúpa againn. Is dóigh eile í an ealaín a chruthaím chun an rud a rá a smaoiním nó a mhothaím, agus a chluinim daoine eile a smaoineamh nó a mhothú. Is féidir gur ealaín de chuid mo chomhscoláirí, ealaíontóirí comhaimseartha nó ealaíontóirí ó áit agus ó am eile iad na píosaí ealaíne a n-amharcaim orthu nó a n-éistim leo.

5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tá tuiscint acu ar an bpróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh

Tuigim an áit as ar tháinig mo chuid luachanna féin agus na tionchair a chuaigh i bhfeidhm orthu. Tá meas agam ar luachanna daoine eile agus san am céanna tá mo chuid féin mór agus luachmhar agam. Tá tuiscint agam ar an dóigh a n-oibríonn cinnteoireacht mhorálta i mo shaol féin agus i saol daoine eile bunaithe ar a gcuid luachanna ar leith. Is féidir liom gnáthchinntí éagsúla eiticiúla agus morálta a phlé agus tuairim a nochtadh fúthu.

6. Tá meas ag an scoláire ar an mbealach ina gcuireann luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina gcónaíonn sé/sí

Aithním an tábhacht a bhaineann le traidisiúin reiligiúnacha agus leis na léirmhínte neamhreiligiúnacha ar an saol. Tá léirthuisicint agam ar na dóigheanna ar imir córais éagsúla creidimh tionchar orainn, agus gur mhúnlaigh siad muid, anseo in Éirinn, agus freisin san Eoraip agus sa domhan mór. Is féidir liom creidimh agus cleachtais éagsúla a phlé ar dhóigh fheasach, agus go fóill meas a bheith agam orthu siúd a bhfuil creidiúintí acu nach ionann iad agus mo chuidse.

7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus le dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne

Tuigim an chaoi a n-oibríonn an rialtas agus an pholaitíocht in Éirinn agus in áiteanna eile. Tuigim go bhfuil cearta againn agus dualgais orainn. Tá meas agam ar chearta na ngrúpaí mionlaigh sa tsochaí. Spreagtar mé nuair a chloisim faoi dhóigheanna ar féidir le saoránaigh ghníomhacha cion a dhéanamh chun an saol a dhéanamh níos fearr laistigh dá gcomhphobail féin agus sa domhan mór. Tá mé toilteanach agus is féidir liom smaoineamh go cúramach faoi athruithe a chur i bhfeidhm, agus gníomhú ina leith, i dtaca le ceisteanna a bhaineann liomsa nó le mo phobal.

8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus na fórsaí is cúis le hathrú

Agus mé ag baint úsáid as cineálacha éagsúla fianaise agus ábhar, amharcaim ar shaol daoine clúiteacha agus gnáthdhaoine san am a chuaigh thart. Feicim an dóigh a n-athraíonn pobal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le himeacht aimsire, an dóigh a ngníomhaíonn daoine chun athruithe a dhéanamh, agus an dóigh ar féidir na hathruithe sin a cheangal lena chéile agus le himeachtaí agus le forbairtí reatha. Aithním gur le hoidhreacht a fhaighim luachanna, creidimh agus traidisiúin mo chultúir agus is tábhachtach liom meas a léiriú ar chultúir daoine eile.

9. Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi

Is féidir liom cur síos a dhéanamh ar phróisis nádúrtha arb é athrú sa tírdhreach nádúrtha a dtoradh. Tuigim gur minic gur daoine atá *ag maireachtáil* agus atá *ag saothrú a mbeatha* a athraíonn an tírdhreach agus gur i mo cheantar áitiúil agus ar fud an domhain a tharlaíonn sé sin freisin. Tuigim an coibhneas idir tírdhreacha athraitheacha agus saol an duine. Is eol dom freisin go gceanglaíonn na hathruithe sin, chomh maith le gníomhaíochtaí polaitiúla agus cultúrtha, daoine, áiteanna agus réigiúin le chéile agus go dtagann deiseanna iontacha uathu ach go mbíonn dúshláin i gceist leo freisin.

10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe

Tuigim go bhfuil an dúlra go hálainn agus an-tábhachtach do shaol gach duine ar an domhan. Táim freagrach as na roghanna a dhéanaim faoin dóigh a mairim agus go mbíonn tionchair ag na roghanna sin ar an timpeallacht agus ar cháilíocht na beatha i mo cheantar agus sa saol mór. Déanaim mo dhícheall 'smaoineamh go domhanda agus gníomhú go háitiúil'. Is féidir liom mo chion a dhéanamh chun cuidiú le mo phobal an timpeallacht s'againn a fheabhsú ach feicim freisin go mbíonn buarthaí éagsúla ag pobail eile agus déanaim mo dhícheall cuimhneamh orthu sin.

11. Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú

Is eol dom cinntí a dhéanamh atá maith do mo shláinte fhisiceach agus mheabhrach, mo chuid folláine mhothúcháin agus spioradálta agus mo chaidreamh le daoine eile. Is féidir liom riosca a mheas agus a bhainistiú agus tuigim an tionchar a bhaineann le hiompar rioscúil. Táim muiníneach agus is féidir liom déileáil le dúshlán éagsúla agus buillí i mo choinne. Iarraim cuidiú nuair a theastaíonn sé. Glacaim leis go mbíonn daoine difriúil agus go bhfuil dualgas ar gach duine dúshlán a thabhairt ar leithcheal agus ar bhulaíocht, agus gur féidir leis an scoil tacú liom chun é sin a dhéanamh.

12. Tá an scoláire ina rannpháirtí muiníneach agus cumasach sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil

Bím páirteach i ngníomhaíochtaí fisiceacha fuinniúla agus spórt ar bhonn rialta agus is eol dom go dtugann siad sin deis dom forbairt agus réimse de scileanna sóisialta agus scileanna luaile a úsáid, chun foghlaim ar bhealach atá éagsúil, mo chuid corpacmhainne a fhorbairt agus mo chorp a bhainistiú. Cuidíonn sé liom scíth a ligean agus mothú níos fearr, go háirithe sna gníomhaíochtaí agus cuireann sé le mo shláinte agus le mo leas. Nuair a bhím páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla fisiceacha, cuidíonn sé liom bualadh le daoine eile agus a bheith ina gcuideachta. Bím ag súil le níos mó deiseanna a bheith agam a bheith rannpháirteach in imeachtaí i mo scoil agus i mo phobal.

13. Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh

Roghnaím réimse bianna agus deochanna éagsúla atá cothrom. Is féidir liom roghanna sláintiúla bia a dhéanamh agus déanaim iarracht ithe go maith nuair a bhím liom féin agus le daoine eile. Tuigim ról tábhachtach an bhia do ghrúpaí difriúla sóisialta agus cultúrtha. Tuigim go dtagann athruithe ar riachtanais chothaithe daoine aonarach agus grúpaí i rith chéimeanna na beatha. Tá mé eolach ar an iomad tosca a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia agus ar dheartháí i leith bia agus bia a ithe.

14. Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltais

Is féidir liom mo chuid airgid a phleanáil bunaithe ar na hacmhainní atá agam féin agus na cinn atá ar fáil sa bhaile. Is féidir liom faisnéis nó fógraí a dhéanann iarracht dul i bhfeidhm ar m'iompar a mheas dom féin agus is i ndiaidh dom dianmhachnamh a dhéanamh ar chinntí is ea a ghníomhaím. Bíonn na cinntí sin bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint atá agam ar fhaisnéis do thomhaltóirí, cearta agus dualgais, agus forbairt inbhuanaithe.

15. Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama

Tuigim i dtaca le m'eolas agus mo chuid scileanna matamaiticiúla gur cuid de theanga iad atá lán d'uimhreacha, siombailí agus comharthaí éagsúla eile. Is féidir liom iad sin a úsáid laistigh agus lasmuigh den scoil i ngníomhaíochtaí agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Nuair a úsáidim agus a dhéanaim matamaitic cabhraíonn sé sin liom smaoineamh go loighciúil agus fadhbanna a réiteach agus tugann sé deis dom cumarsáid a dhéanamh agus mo chuid smaointe a phlé go soiléir agus go beacht ar bhealach a thuigfidh daoine eile.

16. Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú

Is breá liom patrúin a lorg agus a aimsiú agus cur síos ar na coibhneasa a fheicim i bhfocail agus i siombailí. I gcuid mhór cásanna, nuair a aithním an gaol sin, úsáidim é chun na téarmaí atá ar iarraidh sa phatrún a chríochnú nó na heilimintí eile den phatrún céanna a thuar. Agus an t-eolas sin agam, is féidir liom tionchar patrún a fhiosrú sa ghnáthshaol agus na bealaí ina mbíonn tionchar ag na patrúin sin a fhiosrú freisin.

17. Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla

Úsáidim cuir chuige mhatamaiticiúla éagsúla chun réiteach réasúnta a fháil ar fhadhb atá nua agamsa nó chun tasc a dhéanamh, nár taispeánadh dom an dóigh lena réiteach. Is féidir liom roghnú cén straitéis is dóiche is éifeachtaí do chás ar leith. Is féidir liom fadhb a bhriseadh ina céimeanna loighciúla níos lú ionas gur féidir liom cuidiú le teacht ar réiteach iomlán.

18. Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus tarraingíonn tátail agus cinntí astu

Is féidir liom breathnú ar shonraí agus iad a mheas agus a thaifeadadh, go beacht, ag baint tairbhe as foinsí éagsúla, agus is féidir liom úsáid a bhaint as smaointeoireacht agus as réasúnaíocht loighciúil chun tuairimí agus cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus ar thrialacha. Nuair a chloisim ráitis nó rudaí á maíomh go poiblí, is féidir liom dearcthaí éagsúla a aithint agus achoimre a dhéanamh orthu, agus anailís a dhéanamh ar na hargóintí difriúla.

19. Cuireann an scoláire luach ar ról agus ar chion na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo

Aithním ról na heolaíochta agus na teicneolaíochta i sochaí ár linne, an chaoi ar fiosraíodh na bealaí ar athraigh gnéithe den ghnáthshaol le himeacht aimsire chun tuiscint a fháil ar an nasc le forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta agus an nasc eatarthu sin. Úsáidim mo chuid eolais ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht chun cuidiú liom cinntí agus roghanna eolasacha a dhéanamh.

20. Baineann an scoláire úsáid as teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha

Agus mé ag fiosrú agus ag plé gnéithe deartha, bíonn tuiscint agam ar na tosca a imríonn tionchar ar phróiseas an deartha. Úsáidim straitéisí réiteach fadhbanna agus léirim cruthaitheacht (liom féin nó le daoine eile) i ndúshlán deartha chun rud a bhíonn ag freastal ar fhíor-riachtanas nó a chuireann smaoineamh in iúl, chun an rud sin a phleanáil, a fhorbairt, a dhéanamh agus a mheas. Roghnaím na cuir chuige fhéideartha agus molaim na teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ar gach céim den phróiseas sin.

21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáid as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla

Is féidir liom a bheith ag obair le daoine eile chun smaointe cruthaitheacha a ghiniúint, a phlé agus a fhorbairt chun déantúsáin a chruthú. Roghnaím ó réimse d'ábhair, uirlisí agus bogearraí agus, le linn dom a bheith ag obair leo, éirim muiníneach as mo chuid scileanna praiticiúla. Cabhraíonn an tathí phraiticiúil liom mo chuid smaointe nó táirgí a dhearadh nó a fheabhsú agus bíonn tuiscint agam conas a n-imoibríonn ábhair nuair a 'mhúnlaítear' iad trí theicneolaíochtaí éagsúla. Bíonn aird agam ar an inbhuanaitheacht agus mé ag roghnú agus ag úsáid ábhar agus ag dearadh táirgí. Is féidir liom gach píosa trealaimh agus bogearra a úsáid go sábháilte.

22. Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta

Is breá liom mo chuidse smaointe agus cinn daoine eile a thiontú ina ngníomhartha trí réitigh nua a mheabhrú, na cuir chuige a phleanáil agus cinnte a dhéanamh de go dtarlaíonn rudaí ag an am ceart agus sa chaoi is fearr. Is le daoine eile i ngrúpa nó le páirtneír a tharlaíonn sé sin agus ó am go chéile is fearr liom a bheith ag obair i m'aonar. Corruair, nuair nach mar a shíltear a bhítear, breathnaím ar an gcaoi a ndeachaigh rudaí mícheart agus cinnim ar chur chuige nua. Aithním nuair is gá rud a dhéanamh agus táim toilteanach dul sa tseans le mo chuid smaointe agus tabhairt faoi.

23. Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú

Is féidir liom smaoineamh a ghlacadh agus é a fhíorú. Amanna bíonn obair le daoine eile i gceist leis sin ach, fiú i ngrúpa, is féidir liom cur leis an bhfís nó leis an gcuma is dóigh le daoine a bheidh ar an táirge deiridh, agus cuidiú leis an bpróiseas bogadh ar aghaidh. Tuigim go bhfuil sé rí-thábhachtach mar chuid de ghníomhaíocht den chineál sin a bheith ag meabhrú ar dhul chun cinn na hoibre agus ag déanamh meastóireachta air.

24. Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, cumarsáid, obair agus smaoineamh a dhéanamh, go comhoibríoch agus go cruthaitheach, agus ar bhealach freagrach agus eiticíúil

Táim in inmhe eolas a aimsiú agus a roinnt ar líne agus aithním agus léirím meas ar mo chearta agus ar chearta daoine eile in úsáid na meán teicneolaíochta agus digiteach. Is féidir liom faisnéis agus inneachar ar líne a mheas. Úsáidim teicneolaíocht agus meáin dhigiteacha chun léamh, cuidiú liom smaoineamh, mo chur féin in iúl agus a bheith ag obair le daoine eile. Agus mé ag obair le daoine eile, úsáidim teicneolaíocht go cruthaitheach chun idirghníomhú agus chun smaointe a fhorbairt. Tuigim go bhfuil tionchar ag an méadú a tháinig ar úsáid na teicneolaíochta agus na meán digiteach ar dhaoine agus ar an bpobal ina maireann siad.

Ceisteanna Ama sa tSraith Shóisearach

Croí-Ábhair:

Is croí-ábhair aid an Ghaeilge, an Béarla agus an Mhatamaitic sa Chreat don tsraith shóisearach. Is gá gach ceann acu a sceidealú le haghaidh íosmhéid de 240 uair thar na trí bliana. Roghnóidh a lán scoileanna níos mó ná an uasmhéid a thabhairt dóibh. Leagtar amach sampla sa tábla thíos den **íosmhéid** ranganna a dháiltear.

Bliain	Tréimhsí 40 nóiméad	Tréimhsí 60 nóiméad
1	3	2
2	4	3
3	4	3
Líon iomlán uaireanta	243	267

Le haghaidh ranganna a mhaireann 40 nóiméad, caithfidh ar a laghad 11 tréimhse a bheith ag gach ábhar thar na trí bliana m.sh. 3 sa 1^ú bliain, 4 sa 2^ú bliain agus 4 sa 3^ú bliain. Le haghaidh ranganna a mhaireann 60 nóiméad, caithfidh ar a laghad 8 dtréimhse a bheith ag gach ábhar thar na trí bliana m.sh. 2 sa 1^ú bliain, 3 sa 2^ú bliain agus 3 sa 3^ú bliain.

Ábhair:

Is féidir le scoil a chinneadh go ndéanfaidh gach scoláire sa tsraith shóisearach staidéar ar ábhair b(h)reise. Ní mór gach ábhar (amach ón nGaeilge, Béarla agus Mata) a sceidealú le haghaidh íoslíon de 200 uair thar na trí bliana den tsraith shóisearach.

Bliain	Tréimhsí 40 nóim.	Tréimhsí 60 nóim.
1	3	2
2	3	2
3	3	2
Líon iomlán uaireanta	200	200

Is faoi na scoileanna a bheidh sé anois a chinneadh conas a dhéanfaidh said an líon tréimhsí a leithdháileadh thar na trí bliana (m. sh. 3,3,3 nó 2,3,4 le haghaidh ranganna 40 nóiméad).

Gearrchúrsaí:

Éilíonn gach gearrchúrsa 100 uair de rannpháirtíocht scoláirí thar trí bliana.

Bliain	Tréimhsí 40 nóim.	Tréimhsí 60 nóim.
1	1	1
2	2	1
3	1	1
Líon iomlán uaireanta	89*	100

Is ionann ceithre rang 40 nóiméad thar thrí bliana agus 89 uair de rannpháirtíocht scoláire. Is féidir le scoláirí a bheith ag plé le eispéiris foghlama ábhartha eile chun cur leis an am ranga sceidealaithe. D'fhéadfadh scoil cúig thréimhse a chur sa chlár ama don ghearrchúrsa thar na trí bliana.

Is féidir uaslíon de 10 n-ábhair nó a gcómhaith a dhéanamh le haghaidh teistiúcháin. Déanfaidh bunús na scoláirí staidéar ar idir 8 agus 10 n-ábhair. [Is ionann 2 Ghearrchúrsa agus 1 Ábhar].

Acmhainní agus Tacaí

Faoi mar a léirítear in Imlitir 0024/2016 tá na tacaí seo a leanas ar fáil do gach uile scoil.

Am Gairmiúil

In 2016 – 2017 gheobhaidh múinteoirí Béarla, Eolaíochta agus Staidéar Gnó am gairmiúil chun ullmhúchán a dhéanamh don tsraith shóisearach. Tá múinteoirí Béarla i dteideal 14 uair d'am gairmiúil do na cuspóirí faoi mar atá siad leagtha amach in Imlitir 0024/2016. Tá na múinteoirí Eolaíochta agus Staidéar Gnó i dteideal 8 n-uaire ar na cúinsí céanna.

Laethanta Dúnta Scoile

Féadfaidh scoileanna dúnadh trí huaire in 2016-17 d'fhonn an tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don Scoil Uile

Is féidir lá amháin a idirbheartú le do Cheannaire Réigiúnach don tsraith shóisearach le haghaidh ceardlann inseirbhíse foirne don Scoil Uile. Pléifidh ball d'fhoireann na sraithe sóisearaí an réimse roghanna atá ar fáil le cur san áireamh ar an lá.

Laethanta Dúnta Réigiúnacha

Is é an SSM a cheapfaidh an dá dhúnadh eile agus tarlóidh siad ó lár na Samhna ar aghaidh. Dúnfaidh scoileanna i mbraisle a shaineofar roimh ré i réigiún áirithe tíreolaíoch. Is féidir go n-iarrfaí ar scoileanna ceardlanna aon lae a óstáil.

Ar Lá 1 de na laethanta dúnta braislithe gheobhaidh múinteoirí ó gach ceann de na sé réimse ábhair atá á gcur i bhfeidhm (Béarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Ealaín, Gaeilge, agus Nua-Theangacha Iasachta) gheobhaidh siad oiliúint inseirbhíse ina gcuid sainábhar. Cuirfidh an SSM FGL a bhaineann leis an tsraith shóisearach ar fáil don chuid eile de na múinteoirí.

Ar Lá 2 de na laethanta dúnta braislithe soláthróidh an SSM FGL don ghrúpa an-bheag múinteoirí a bhfuil an dara hábhar acu atá á chur i bhfeidhm freisin ag an am seo m.sh. rachaidh múinteoir Béarla agus Gaeilge chuig Béarla ar Lá 1 agus chuig Gaeilge ar Lá 2. Beidh an chuid eile den fhoireann ag plé le gníomhaíochtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na sraithe sóisearaí.

Is féidir an t-am (suas le 6 huairé) a mbíonn múinteoirí Béarla, Eolaíochta agus Staidéar Gnó ag plé leo ar an lá seo, is féidir é a áireamh ina am tugtha dá leithdháileadh am gairmiúil faoi mar a chuirtear síos air i bparagraf a haon den leathanach seo.

Tabhair do d'aire: Ba chóir do gach múinteoir Béarla freastal ar Inseirbhís Bhéarla ar Lá 1 de na laethanta dúnta braislithe.

Am Bainistíocht Acmhainne

Is ar an mbonn seo a leanas a leithdháilfear na huairéanta teagaisc a thugtar do scoileanna d'fhonn tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht scoileanna maidir leis an *gCreat don tSraith Shóisearach 2015* a sheachadadh:

Is féidir roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó iad go léir a chur san áireamh:

Rollú	Uaireanta comhordaithe inmheánacha sa tseachtain	An líon ranganna 40 nóiméad sa tseachtain
800 +	4 uair	6
600 – 799	3.3 uair	5
400 – 599	2.6 uair	4
< 399	2 uair	3

- Tacaíocht a thabhairt don Phríomoide/leas-phríomhoide le planáil, cumarsáid agus ionadaíocht do mhúinteoirí a bhíonn ag freastal ar chúrsaí inseirbhíse
- Imeachtaí inmheánacha FGL scoile a sceidealú agus teagmháil le SSM i dtaca le cuairteanna a phleanáil
- Sceidealú agus tuairisciú ar chruinnithe AFMÁ a fhorbhreathnú
- Forbhreathnú ar na nósanna imeachta maidir le tuairisciú do thuismitheoirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) d'ábhair, CFL2nna agus gearrchúrsaí
- Riarachán ar na Tascanna Measúnaithe a eagrú agus iad a chur ar ais chuig an CSS.

“Is é an bord bainistíochta i ngach scoil nó an BOO, mar is cuí, i gcomhar leis an fhoireann bhainistíochta inmheánach scoile, a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm foriomlán na sraithe sóisearaí sa scoil, faoi mar atá i dtaca le gach gné eile d'obair na scoile.”

Is féidir na huairéanta Bainistíocht Acmhainne a sceidealú i rith na bliana ar fad. Is féidir iad a thabhairt do mhúinteoir amháin nó do roinnt múinteoirí. Seachas sin is féidir iad a chnuasach le chéile ag amanna gnóthacha chun an tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm.

Fad Ranga

Is é 40 nóiméad an t-am is lú a cheadófar do rang ar bith ó 2017 ar aghaidh. Ba chóir a thuiscint go n-éilíonn sé sin seachtain scoile ina mbeidh 42 tréimhse do scoláirí agus 32 tréimhse d'am teagmhála ag múinteoirí. Is é tréimhse ranga aon uaire an t-aon fhad eile tréimhse ranga a bhainfidh an úsáid is fearr as dáileadh an ama. Is é a bhíonn i gceist le tréimhse ranga a mhaireann uair amháin, 28 tréimhse in aghaidh na seachtaine do scoláirí agus 22 tréimhse d'am teagmháil ranga do mhúinteoirí.

Measúnuithe Rangbhunaithe

Glacfaidh Measúnuithe Rangbhunaithe ionad na measúnuithe eile a tharlaíonn faoi láthair sa scoil amhail scrúduithe inmheánacha srl. mar is cuí.

Folláine

Ní mór íosmhéid de 300 uair a chur ar chlár ama scoláirí na chéad bhliana in 2017 ar aghaidh agus suas le 400 uair i Meán Fómhair 2020.

Is mar seo a leanas a leagtar amach an t-íoslíon uaireanta seo do CO, OSPS & OSSP

CO – 135 uair

OSPS – 70 uair

OSSP – 70 uair

Clár ama samplach don Fholláine in 2017:

Bliain	Ábhar:	CO	OSPS	OSSP	Eile	Iomlán
1		2	1	1	1	5
2		2	1	1		4
3		2	1	1		4
Iomlán (ranganna)		6	3	3	1	13
Uaireanta		135	67	67	22	291

Is féidir le scoláirí tabhairt faoi eispéiris foghlama ábhartha eile chun cur leis an am ranga sa sceideal.

Clár ama samplach don Fholláine in 2020:

Bliain	Ábhar:	CO	OSPS	OSSP	Eile	Iomlán
1		2	0	0	2	4
2		2	3	2	0	7
3		2	2	3	0	7
Iomlán (ranganna)		6	5	5	2	18
Uaireanta		135	111	111	44	401

Tá foráil san amchlár do CO, OSPS agus OSSP a mbeidh de thuairisc orthu gur gearrchúrsaí iad i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Faoin gcolún “Eile” moltar gníomhaíochtaí éagsúla Folláine sna Treoirínte. Is féidir le haonaid ghearr foghlama cur leis an íosmhéid uaireanta a theastaíonn don Fholláine. Tá gnéithe áirithe de ghearrchúrsaí eile amhail Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha agus Fealsúnacht ar féidir iad a chur leis na huaireanta a thugtar don Fholláine.

Folláine

Táscairí na Folláine

Gníomhach Freagrach Nasctha Acmhainneach Faoi mheas Feasach

Le linn Clár Folláine a phleanáil ba ghá na gnéithe seo a leanas i scoil a chur san áireamh:

Cultúr Caidreamh Curaclam Polasaí agus Pleanáil

Is **Prionsabal** de chuid na sraithe sóisearaí í an Fholláine

Tagraíonn na **Ráitis Foghlama** seo a leanas go don Fholláine go háirithe

Maidir leis an Scoláire:

- Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tá tuiscint acu ar an bpróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh (RF 5)
- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)eoránach gníomhach, le cearta agus le dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne (RF 7)
- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe (RF 10)
- Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (RF 11)
- Tá an scoláire ina rannpháirtí muiníneach agus cumasach sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fhisiciúil (RF 12)
- Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh (RF 13)

Ceann de na hocht **bPríomhscil** is ea Fanacht Folláin

Is iad na heilimintí atá ann:

- A bheith sláintiúil agus gníomhach go fisiceach
- A bheith sóisialta
- A bheith sábháilte
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticúil nuair a bhíonn teicneolaíocht dhigiteach in úsáid.

Baineann eilimintí de Phríomhscileanna eile leis an bhfolláine freisin

- Dea-chaidreamh a bhunú agus plé le coimhlint
- Meas a bheith agam ar an éagsúlacht
- Ag cabhrú chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Aithne a bheith agam orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach.

Nótaí:

Nótaí:

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

Sonraí Teagmhálacha

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais

Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

LMETB,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil le info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter



@JCforTeachers

www.jct.ie

www.juniorcycle.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie